Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Meitheamh 2026**
**(OR. en)**

**11345/26**

**ESE 2**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 325 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>Tuarascáil Bhliantúil 2025: An 20ú tuarascáil bhliantúil maidir le cur chun feidhme an chúnaimh ón Aontas faoi Rialachán (CE) Uimh. 389/2006 ón gComhairle an 27 Feabhra 2006 lena mbunaítear ionstraim tacaíochta airgeadais chun forbairt eacnamaíoch phobal Turcach na Cipire a spreagadh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 325 final.

Faoi iamh: COM(2026) 325 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 30.6.2026
COM(2026) 325 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**Tuarascáil Bhliantúil 2025: An 20ú tuarascáil bhliantúil maidir le cur chun feidhme an chúnaimh ón Aontas faoi Rialachán (CE) Uimh. 389/2006 ón gComhairle an 27 Feabhra 2006 lena mbunaítear ionstraim tacaíochta airgeadais chun forbairt eacnamaíoch phobal Turcach na Cipire a spreagadh**

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**Tuarascáil Bhliantúil 2025: An 20ú tuarascáil bhliantúil maidir le cur chun feidhme an chúnaimh ón Aontas faoi Rialachán (CE) Uimh. 389/2006 ón gComhairle an 27 Feabhra 2006 lena mbunaítear ionstraim tacaíochta airgeadais chun forbairt eacnamaíoch phobal Turcach na Cipire a spreagadh**

## 1. RÉAMHRÁ

Is é Rialachán (CE) Uimh. 389/2006 ón gComhairle[1] (an Rialachán um Chabhair) an bunús le cúnamh a sholáthar do phobal Turcach na Cipire agus ceanglaítear leis tuairisciú bliantúil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle. Is é is aidhm don chlár cabhrach le haghaidh phobal Turcach na Cipire athaontú na Cipire a éascú trí fhorbairt eacnamaíoch an phobail sin a spreagadh, agus béim ar leith á leagan ar an méid seo a leanas: (i) comhtháthú eacnamaíoch an oileáin; (ii) feabhas a chur ar theagmhálacha agus naisc a chothú idir an dá phobal agus leis an Aontas; agus (iii) agus ullmhúchán a dhéanamh chun *acquis* an Aontais a chur chun feidhme, tar éis réiteach a fháil ar fhadhb na Cipire.

## 2. CLÁRÚ AN CHÚNAIMH

Idir 2006 agus deireadh 2025, bhí EUR 760 670 469,93 cláraithe le haghaidh oibríochtaí faoin Rialachán um Chabhair. Ba é EUR 33 721 307,00 an méid a gealladh i mí Mheán Fómhair 2025 do chlár gníomhaíochta bliantúil 2025[2]. Le creat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027, a bhfuil buiséad iomlán EUR 240 milliún aige, tugadh cistiú ilbhliantúil don chlár. Tá an clár cabhrach eisceachtúil agus idirthréimhseach fós. Is é is aidhm dó ullmhúchán agus éascú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm iomlán *an acquis* i limistéir Phoblacht na Cipire nach bhfeidhmíonn Rialtas Phoblacht na Cipire rialú éifeachtach iontu tar éis réiteach ar fhadhb na Cipire.

I gcás réiteach cuimsitheach ar fhadhb na Cipire, déanfaidh an Chomhairle, ar bhonn togra ón gCoimisiún, cinneadh d’aon toil maidir leis na hoiriúnuithe is gá ar an Rialachán um Chabhair. Ina theannta sin, foráiltear le Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle[3] go ndéanfar athbhreithniú ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil i gcás athaontú.

## 3. SÁSRAÍ CUR CHUN FEIDHME

Cuirtear an clár cabhrach chun feidhme sna limistéir de Phoblacht na Cipire nach bhfeidhmíonn Rialtas Phoblacht na Cipire rialú éifeachtach iontu (na ‘limistéir nach

[1] Rialachán (CE) Uimh. 389/2006 ón gComhairle an 27 Feabhra 2006 lena mbunaítear ionstraim tacaíochta airgeadais chun forbairt eacnamaíoch phobal Turcach na Cipire a spreagadh agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2667/2000 ón gComhairle maidir leis an nGníomhaireacht Eorpach um Athchóiriú (IO L 65, 7.3.2006, lch. 5).

[2] Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 11 Meán Fómhair 2025 maidir le Clár Gníomhaíochta a ghlacadh do phobal Turcach na Cipire le haghaidh 2025 - [C(2025) 6117] - Cinneadh maidir le Clár Cabhrach 2025 - an Coimisiún Eorpach.

[3] Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L 433I, 22.12.2020, lch. 11).

bhfuil faoi rialú an rialtais') agus ina bhfuil cur i bhfeidhm an *acquis* ar fionraí go sealadach de bhun Phrótacal Uimh. 10 den ionstraim Aontachais. Cuirtear cúnamh chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach agus indíreach.

Tá an clár cabhrach fós á chur chun feidhme ag an gCoimisiún i gcomhthéacs uathúil polaitiúil, dlíthiúil agus taidhleoireachta. Agus cúnamh á dheonú faoin Rialachán um Chabhair, ní thugtar le tuiscint go dtabharfar aitheantas d'aon údarás sna limistéir nach bhfeidhmíonn Rialtas Phoblacht na Cipire rialú éifeachtach iontu. Tá gá le socruithe *ad hoc* chun an clár a chur chun feidhme agus prionsabail na bainistíochta fónta airgeadais á n-urramú. Áirítear ar na huirlisí a úsáidtear i ndáil leis sin: (i) faireachán mionsonraithe ar chonarthaí agus tacaíocht spriocdhírithe do thairbhithe; (ii) coinníollacha íocaíochta athbhreithnithe; agus (iii) cur chuige cúramach maidir le húsáid ráthaíochtaí bainc. Tá méid mór tacaíochta deontais i gceist leis an gcúnamh, agus is gá bainistiú atá dian ó thaobh acmhainní de a dhéanamh ina leith.

I gcás athaontú agus réiteach cuimsitheach a theacht i bhfeidhm, cuirfear deireadh le fionraí chur i bhfeidhm an *acquis* de bhun Phrótacal Uimh. 10. Ar an gcúis sin, agus chun cur chun feidhme na dtionscadal a mhaoinítear tríd an gclár cabhrach a éascú, ní mór do phobal Turcach na Cipire ailíniú de réir a chéile leis an *acquis*.

Cuireann an Coimisiún na tionscadail a roghnaítear trí Oifig Tacaíochta Chlár an Aontais chun feidhme sna limistéir nach bhfuil faoi rialú an rialtais sa Niocóis. Óstálann Ionadaíocht an Choimisiúin sa Chipir cruinnithe, seimineáir agus preasagallaimh agus déanann sí cumarsáid le pobal na Cipire ar fud an oileáin, lena n-áirítear topaicí a bhaineann leis an gclár cabhrach. Ina theannta sin, déanann Pointe Faisnéise an Aontais, arna chistiú faoin gclár cabhrach, raon gníomhaíochtaí cumarsáide agus infheictheachta, gníomhaíochtaí lena gcuirtear faisnéis ar fáil faoi bheartais, tosaíochtaí agus gníomhaíochtaí an Aontais chun tacú le pobal Turcach na Cipire agus chun cultúr na hEorpa a chur chun cinn.

## 4. CUR CHUN FEIDHME LE LINN NA TRÉIMHSE TUAIRISCITHE

### 4.1. Forléargas ginearálta

Tá an Rialachán um Chabhair fós á chur chun feidhme ag an gCoimisiún agus é d'aidhm fhoriomlán aige tacú le hathaontú.

Le linn na tréimhse tuairiscithe, lean an Coimisiún de thacaíocht a thabhairt do phríomhthionscnaimh. Áirítear leo siúd: (i) clár scoláireachtaí an Aontais do phobal Turcach na Cipire; (ii) an clár maidir le hoideachas síochána le haghaidh mic léinn meánscoile leis na Coláistí Domhanda Aontaithe; (iii) tacú le bearta forbartha muiníne faoi choimirce cheannairí an dá phobal faoi seach, amhail an Coiste um Dhaoine atá ar Iarraidh sa Chipir, an Coiste Teicniúil um Oidhreacht Chultúrtha, agus na Coistí Teicniúla déphobail; agus (iv) tionscnaimh lena spreagtar agus lena gcumasaítear trádáil trasna na Líne Glaise.

Is gné fhíor-riachtanach den chlár fós é tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt shocheacnamaíoch an phobail.

Cuireadh cúnamh saincheaptha ar fáil chun caighdeáin a uasghrádú i bpríomhearnálacha eacnamaíocha trí thionscadail a dhíríonn ar an earnáil phríobháideach agus ar ghnólachtaí bia. Rinneadh iarrachtaí móra chun feabhas a chur

ar shláinte ainmhithe agus sábháilteacht bia i bpobal Turcach na Cipire, rud a théann chun tairbhe don oileán ar fad agus don Aontas.

Lean an Coimisiún de thacaíocht a thabhairt do phobal Turcach na Cipire chun caighdeáin an Aontais a leagtar síos leis na bearta a glacadh in 2021 a chomhlíonadh, lena gcláraítear 'Χαλλούμι' ('Halloumi'/'Hellim') mar ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint (ATFC) agus lena leagtar amach na coinníollacha maidir lena thrádáil trasna na Líne Glaise. Ina theannta sin, lean an Coimisiún den mheitheal neamhfhoirmiúil maidir le 'Halloumi'/'Hellim' a thionól, ina dtugtar le chéile páirtithe leasmhara ón dá phobal Chipireacha.

Seoladh tionscadail bhonneagair mhóra arna gcistiú ag an Aontas in 2025. Áiríodh leo: (i) páirc líneach Pedieos/Kanlıdere a leathnú isteach sa chuid thuaidh den Chipir; (ii) pointe trasnaithe Agios Dometios/Metehan a leathnú; (iii) painéil ghréine a shuiteáil i ngléasra cóireála fuíolluisce Mia Milia/Haspolat; (iv) píobáin séarachais a bhaineann le Mór-phíblíne 1 a ionadú; agus (v) píobán aisfhillte a leagan le haghaidh uisce cóireáilte.

Tá bearnaí móra fós i gcumas na dtairbhithe an *acquis* a chur chun feidhme go héifeachtach tar éis réiteach cuimsitheach. Mar sin féin, lean pobal Turcach na Cipire de bheith ag déanamh dul chun cinn maidir le hailíniú an *acquis* i roinnt réimsí, amhail sábháilteacht táirgí, an sciúradh airgid a chomhrac, an t-oideachas, an staidreamh agus an comhshaol, agus léirigh sé spéis leanúnach a bheith ag obair in earnálacha agus réimsí breise.

Ag deireadh na bliana, bhí 102 chonradh á bhfeidhmiú faoin gclár cabhrach.

## 4.2. Dul chun cinn de réir cuspóirí

Is é cuspóir foriomlán an chláir cabhrach athaontú na Cipire a éascú trí fhorbairt eacnamaíoch phobal Turcach na Cipire a spreagadh. Tá béim ar leith ar an méid seo a leanas: (i) comhtháthú eacnamaíoch an oileáin; (ii) feabhas a chur ar theagmhálacha idir an dá phobal agus leis an Aontas; agus (iii) ar obair ullmhúcháin don *acquis*.

Tugtar tuairisc thíos ar na gníomhaíochtaí a rinneadh in 2025, le haghaidh gach cuspóra de chuid an Rialacháin um Chabhair.

### *4.2.1. Cuspóir 1: Forbairt shóisialta agus eacnamaíoch a chur chun cinn*

Lean an Coimisiún de chomhtháthú eacnamaíoch agus forbairt phobal Turcach na Cipire a chur chun cinn agus de thacaíocht a thabhairt dó. Neartaigh sé a thiomantas seanbhunaithe iomaíochas agus nuálaíocht na hearnála príobháidí de chuid phobal Turcach na Cipire a mhéadú, agus aitheantas a thabhairt d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide mar chnámh droma na gníomhaíochta eacnamaíche áitiúla. Ó cuireadh tús leis an gclár cabhrach, tá os cionn 2 554 dheontas bronnta ag an Aontas, ar fiú níos mó ná EUR 27 milliún iad d'fhorbairt na hearnála príobháidí.

In 2024, sheol an Coimisiún tionscnamh nua chun tacú leis an nuálaíocht agus iomaíochas feabhsaithe i ngnólachtaí de chuid phobal Turcach na Cipire. Ó shin i leith, bronnadh le clár *eunite* – a cuireadh chun feidhme le Deutsche Gesellschaft für Internationale Zusammenarbeit (GIZ)GmbH – deontais dar luach beagnach EUR 2 mhilliún ar an iomlán ar 45 chuideachta atá ag trádáil nó atá ag iarraidh trádáil a dhéanamh trasna na Líne Glaise, rud a chuir ar a gcumas dóibh ailíniú le caighdeáin an Aontais. Sa bhreis ar chúnamh deontais, cuireadh le clár *eunite* 14 sheisiún oiliúna ar fáil, lena n-áirítear ceardlanna i dtaca le rialacháin an Aontais maidir le sábháilteacht táirgí agus bia, a raibh 338 rannpháirtí páirteach iontu, mar aon le 13 imeacht

rannpháirtíochta a nasc 356 rannpháirtí le meantóirí, piaraí agus saineolaithe. Tacaíodh le 32 ghnólacht chun treochláir nuálaíochta shaincheaptha a fhorbairt, agus tugadh meantóireacht duine le duine do 16 fhiontraí. Rannchuidigh comórtas Startups4Peace 2025 leis an gcomhar trasphobail a thuilleadh, agus bhain 10 ngnólacht nuathionscanta (ceithre cinn de chuid phobal Gréagach na Cipire agus sé cinn de chuid phobal Turcach na Cipire) tairbhe as meantóireacht, grodchúrsaí agus cistiú síl. Comhlánaíodh an tacaíocht do ghnólachtaí de chuid phobal Turcach na Cipire le hiarrachtaí níos leithne chun téacsanna dlí áitiúla a thabhairt isteach maidir le sábháilteacht táirgí atá ailínithe le caighdeáin an Aontais agus le córas faireachais margaidh atá ailínithe leis an Aontas agus rialuithe rioscabhunaithe ar earraí a mhonaraítear go háitiúil i bpobal Turcach na Cipire.

Lean an Coimisiún dá chomhpháirtíocht leis an mBanc Domhanda freisin chun tacú le cóineasú eacnamaíoch ar fud na Cipire. Chuir an Banc Domhanda tuairisciú maicreacnamaíoch ar fáil, thacaigh sé leis an timpeallacht trádála agus ghnó agus le staidreamh feabhsaithe. In 2025, rinneadh dhá phríomhthuarascáil mheasúnachta ar bhonneagar ardcháilíochta i bpobal Turcach na Cipire agus ar shoghluaisteacht an lucht saothair; tabharfar iad sin chun críche in 2026, mar aon le treochláir cur chun feidhme. Le hinfheistíocht leanúnach an Aontais san fhorbairt eacnamaíoch agus sa chóineasú, cuidítear leis an timpeallacht ghnó agus le gnólachtaí aonair a athrú ó bhonn agus réitítear an bealach d’earnáil phríobháideach de chuid phobal Turcach na Cipire atá níos dinimiciúla agus níos athléimní agus a chomhlíonann caighdeáin an Aontais agus atá réidh chun deiseanna mhargadh aonair na hEorpa a thapú.

Leanadh de scéim ATFC an Aontais le haghaidh Halloumi/Hellim a chur chun feidhme le linn 2025. Nuair a bheidh sé i bhfeidhm go hiomlán, d’fhéadfadh sé tairbhí móra eacnamaíocha a ghiniúint do tháirgeoirí Halloumi/Hellim de chuid phobal Turcach na Cipire freisin. Faoi 2025, deimhníodh ATFC do cheithre tháirgeoir de chuid phobal Turcach na Cipire agus do 24 fheirm. Cuireadh moill mhór ar thús na gcigireachtaí sláinte ainmhithe agus sábháilteachta bia sna limistéir nach bhfuil faoi rialú an rialtais toisc gur cuireadh tarmligean na gcumhachtaí chuig Bureau Veritas siar ar feadh níos mó ná bliain go dtí deireadh mhí an Mhárta 2026. Bhí tionchar diúltach aige sin ar rannpháirtíocht pháirtithe leasmhara de chuid phobal Turcach na Cipire sa scéim ATFC agus ar an gcumas faireachán a dhéanamh ar an stádas sláinte i bpobal Turcach na Cipire. I rith na bliana, chuaigh an Coimisiún i dteagmháil le húdaráis Phoblacht na Cipire chun aghaidh a thabhairt ar na moilleanna sin.

Rinneadh dul chun cinn sna hiarrachtaí seanbhunaithe chun sábháilteacht bia agus bainistiú sláinte ainmhithe, talmhaíocht agus forbairt tuaithe atá ailínithe leis an Aontas a neartú i bpobal Turcach na Cipire. In 2025, seoladh an chéad chlár póraithe caorach agus gabhar riamh, agus chuir an Córas an Aontais um Eolas agus Nuálaíocht Talmhaíochta (AKIS) i bpobal Turcach na Cipire deiseanna nua ar fáil don phríomhearnáil eacnamaíoch sin. Bhí cúnamh fadtéarmach an Aontais ríthábhachtach chun cuidiú le pobal Turcach na Cipire gníomhaíochtaí éigeandála a chur chun feidhme go tapa mar fhreagairt ar ráig an ghalair crúb agus béil i mí na Nollag 2025. I bhfianaise dhéine an ghalair agus na n-iarmhairtí eacnamaíocha ar fud an oileáin a bhaineann leis, is tosaíocht fós í tacaíocht fhadtéarmach an Aontais don earnáil sin.

In 2025, lean an Coimisiún de thacaíocht a thabhairt don earnáil oideachais, ag díriú ar ghairmoideachas agus gairmoiliúint agus ar oiliúint múinteoirí. Seoladh tionscadal nua um chúnamh teicniúil chun na córais seo a leanas a bhunú i scoileanna gairmoideachais: ceann amháin le haghaidh dearbhú cáilíochta, ceann amháin le haghaidh pas creidmheasa, agus ceann eile le haghaidh creidiúnú. Cuireann sé sin leis

an obair mhór a rinneadh roimhe seo maidir le hathchóiriú an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna agus maidir le forbairt curaclaim. An tionscadal maidir le 'Feabhas a chur ar theagasc agus foghlaim trí fhorbairt ghairmiúil leantach agus sásra cigireachta', a tugadh chun críche in 2025, bhí tionchar dearfach aige ar nuachóiriú agus dílárú oiliúna múinteoirí sa phobal. Ba é príomhthoradh an tionscadail os cionn 100 modúl a fhorbairt i gceithre phríomhréimse: teagasc agus foghlaim éifeachtach, oideachas cuimsitheach, scoileanna sábháilte agus ceannaireacht scoile. Tá an tionscadal á chur chun feidhme faoi láthair, ach tá dúshláin fós ann mar gheall ar chreataí dlíthiúla tearcfhorbartha, amhail an easpa sainmhínithe ar ról an oiliúnóra múinteoirí, atá freagrach as oiliúint a chur ar mhúinteoirí maidir leis na modúil nua. Tá iarrachtaí chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán dlíthiúil sin fós ina dtosaíocht san earnáil sin agus cuirtear tacaíocht ar fáil tríd an Ionstraim um Chúnamh Teicniúil agus um Malartú Faisnéise.

In 2025, lean an Coimisiún de thacaíocht a thabhairt chun borradh a chur faoin trádáil trasna na Líne Glaise. D'ainneoin na n-iarrachtaí sin, tháinig laghdú 5 % ar thrádáil trasna na Líne Glaise go EUR 14,4 milliún in 2025, go príomha mar gheall ar mhéaduithe ar phraghsanna i bpobal Turcach na Cipire. Níor ceadaíodh aon bhia próiseáilte nua nach de bhunadh ainmhíoch é a thrádáil thar an Líne Ghlas i rith na bliana. Léirigh an pobal gnó go raibh siad an-toilteanach feabhas a chur ar chomhlíonadh chaighdeáin an Aontais. Léiríodh é sin leis an méadú atá ag teacht ar an líon fiosrúchán a seoladh chuig Ionad Ilfhreastail an Aontais maidir le trádáil trasna na Líne Glaise, lena gcuirtear eolas, tacaíocht agus deiseanna líonraithe ar fáil do ghnólachtaí agus do thrádálaithe a bhfuil spéis acu nó atá páirteach i dtrádáil trasna na Líne Glaise. Ó thús an tionscnaimh in 2023, tá tacaíocht shaincheaptha curtha ar fáil ag Ionad Ilfhreastail an Aontais d'os cionn 100 thrádálaí.

*4.2.2. Cuspóir 2: Bonneagar a fhorbairt agus a athstruchtúrú*

Ó bhí 2006 ann, cuireadh cistiú mór ón Aontas ar fáil chun feabhas a chur ar an mbonneagar i bpobal Turcach na Cipire. In 2025, suiteáladh 153 chiliméadar breise píobán séarachais chun dabhcha shéarachais a ndearnadh damáiste dóibh a ionadú, rud a d'fhéadfadh screamhuisce a éilliú. Áiríodh sna hinfheistíochtaí a rinneadh le déanaí córais bainistithe uisce agus líonraí fuíolluisce, bearta éifeachtúlachta fuinnimh, agus córais tomhais cáilíochta aeir agus torainn. Cuireadh tús le tionscadail bhonneagair dhéphobail atá chomh tábhachtach céanna, amhail leathnú phointí trasnaithe Agios Dometios/Metehan agus athshlánú pháirc líneach abhainn Pedieos/Kanlidere.

Leanadh de dhúshláin struchtúracha a bheith ann maidir le hoibriú an líonta talún i bpobal Turcach na Cipire agus d'éirigh siad níos géire in 2025. Níor ceartaíodh drochoibriú agus drochbhainistiú na saoráide líonta talún go córasach, rud a d'fhág go raibh an líonadh talún beagnach lán agus go raibh inbhuanaitheacht an bhainistithe dramhaíola fhoriomláin i bpobal Turcach na Cipire i mbaol.

Chun feabhas a chur ar an gcomhshaol agus é a chosaint, lean an Coimisiún de thacaíocht a thabhairt do phobal Turcach na Cipire trí athchóiriú an líonra áitiúil maidir le cáilíocht an aeir agus cumais faireacháin uisce a thabhairt chun críche. Ina theannta sin, chistigh an Coimisiún measúnú ar thiúchan miotail throm san ithir, sa screamhuisce agus i mbarra ó mhá Morphou. Tá na gníomhaíochtaí sin fíor-riachtanach chun feabhas a chur ar acmhainneacht comhlachtaí áitiúla faireachán agus

meastóireacht a dhéanamh ar chaomhnú acmhainní nádúrtha agus é sin a chothú agus rioscaí do shláinte an duine agus don bhithéagsúlacht á n-íoslaghdú.

Lean Clár Forbartha na Náisiún Aontaithe (UNDP) de Shaoráid Bonneagair Áitiúil an Aontais a chur chun feidhme trí chomhaontuithe ranníocaíochta leanúnacha leis an gCoimisiún, ar fiú os cionn EUR 37 milliún san iomlán iad. Tacaíonn an tSaoráid Bonneagair Áitiúil le hinfheistíochtaí bonneagair is gá a ullmhú agus a chur chun feidhme, amhail: (i) feabhas a chur ar an gcóras séarachais i limistéar Mandres/Hamitköy; (ii) umair uisce, córais chaidéalúcháin agus painéil ghréine a shuiteáil in Lefka/Lefke; (iii) saoráidí agus trealamh spóirt a chur ar fáil i roinnt scoileanna; agus (iv) aonad glactha fuíolluisce sheiptigh a thógáil le haghaidh ghléasra cóireála fuíolluisce Mia Milia/Haspolat.

*4.2.3. Cuspóir 3: Athmhuintearas, bearta forbartha muiníne, agus tacaíocht don tsochaí shibhialta a chothú*

Leanadh de dheiseanna a chur ar fáil maidir le hidirphlé déphobail, athmhuintearas agus cothú muiníne trí thionscnaimh forbartha muiníne faoi choimirce na Náisiún Aontaithe. Áirítear leis sin an Coiste um Dhaoine atá ar Iarraidh sa Chipir agus na Coistí Teicniúla déphobail, chomh maith le hobair Fhóram Idirphlé na Cipire, eagraíochtaí sochaí sibhialta agus an clár scoláireachta a chuirtear ar fáil i gcomhpháirtíocht leis na Coláistí Domhanda Aontaithe.

In 2025, leithdháil an tAontas EUR 2,6 milliún ar an gCoiste um Dhaoine atá ar Iarraidh, rud a choinnigh an leibhéal seasta tacaíochta ar bun ó bhí 2006 ann agus, ar an gcaoi sin, a rannchuidigh go mór le cothú na síochána. Fágann sé sin gurb é EUR 41,1 milliún ranníocaíocht iomlán an Aontais leis an gCoiste um Dhaoine atá ar Iarraidh. Tá thart ar 80 % de bhuiséad oibríochtúil iomlán an Choiste um Dhaoine atá ar Iarraidh i gceist leis an gcistiú sin, lena gcumhdaítear gníomhaíochtaí criticiúla saotharlainne agus allamuigh. Faoi dheireadh 2025, d'athnocht an Coiste um Dhaoine atá ar Iarraidh 1 714 chorp agus shainaithin sé 1 063 de na 2 002 duine a bhí ar iarraidh a bhí á n-imscrúdú aige. Mar sin féin, le himeacht ama, éiríonn imscrúduithe agus tochailtí an Choiste um Dhaoine atá ar Iarraidh níos casta agus teastaíonn cistiú leanúnach ina leith.

Tugadh leis an gclár cabhrach tacaíocht do na 13 Choiste Theicniúla fós (comhlachtaí déphobail a cuireadh ar bun faoi choimirce na Náisiún Aontaithe), a oibríonn faoi threoraíocht dhíreach cheannairí an dá phobal. Comhlíonann na coistí sin dé-shainordú: caibidlíocht pholaitiúil a éascú agus comhar praiticiúil á chothú chun feabhas a chur ar shaol laethúil an dá phobal.

Fuair an Coiste Teicniúil um Oidhreacht Chultúrtha cistiú leanúnach ó bhí 2011 ann. Leis an tacaíocht airgeadais sin, cuireadh athmhuintearas agus comhar trasphobail chun cinn trí láithreáin atá tábhachtach ó thaobh an chultúir de a chosaint, lena n-áirítear séadchomharthaí reiligiúnacha agus reiligí. Faoi dheireadh 2025, fuair an Coiste Teicniúil um Oidhreacht Chultúrtha thart ar EUR 32,5 milliún de chistiú ón Aontas, rud a d'fhág gurbh fhéidir breis agus 200 láithreán a chaomhnú, a threisiú go struchtúrach, a chosaint go fisiciúil nó a athchóiriú ar fud an oileáin. Chun spéis an phobail a spreagadh, forbraíodh leis an gclár ardán digiteach le haghaidh turais fhíorúla ar láithreáin agus bunaíodh tionscnamh Ambasadóirí Óige Oidhreachta chun muintir óg na Cipire a spreagadh a n-oidhreacht chultúrtha a chaomhnú agus a chur chun cinn.

Cuireadh leis an gclár cabhrach cúnamh spriocdhírithe ar fáil freisin do na 12 Choiste Theicniúla eile trí shaoráid tacaíochta thiomnaithe. Idir 2023 agus 2025, d'úsáid ocht

gcoiste EUR 1 mhilliún, lenar cistíodh raon éagsúil tionscnamh, ó chomhar teicniúil maidir le saincheisteanna beartais (e.g. rialú lotnaidí) go himeachtaí for-rochtana pobail (e.g. taispeántas grianghraf déphobail). Tá srian curtha ar thionchar na gcoistí sin mar gheall ar chúrsaí polaitíochta neamhfhabhracha agus teorainneacha oibríochtúla, ach tá sé tábhachtach iad a bheith ann mar ardán comhoibríoch.

In 2025, bronnadh leis an gclár scoláireachtaí ar naonúr mac léinn Gréagach de chuid na Cipire agus ar naonúr mac léinn Turcach de chuid na Cipire, rud a chuir ar a gcumas dóibh clárú sna Coláistí Domhanda Aontaithe. Ó bunaíodh an scéim, tugadh léi tacaíocht do 82 Chipireach óga sármhaithe tar éis clár Idirnáisiúnta Baccalaureate 2 bhliain a dhéanamh, lena bhféachtar le daoine aonair a aontú chun an tsíocháin agus todhchaí inbhuanaithe a shaothrú.

Comhlánaíodh an tionscnamh scoláireachta le gníomhaíochtaí rannpháirtíochta óige agus gearrchúrsaí sa Chipir, a raibh os cionn 450 duine óg páirteach iontu faoi dheireadh 2025. Leis na hiarrachtaí sin, cumhachtaítear rannpháirtithe athrú sochaíoch dearfach a spreagadh ina bpobail.

Leanadh den tacaíocht don tsochaí shibhialta in 2025. Cuireadh tionscadail Spás na Sochaí Sibhialta agus Foireann Tacaíochta Deontais i gcrích go rathúil agus cuireadh tús le tionscadal leantach lenar comhcheanglaíodh na seirbhísí sin i mí na Nollag 2025 ag a raibh buiséad EUR 2,3 milliún. Sa 2 bhliain go leith atá romhainn, tabharfaidh Spás na Sochaí Sibhialta uasghrádaithe fós cúnamh teicniúil d’eagraíochtaí sochaí sibhialta chun a n-acmhainneachtaí a fhorbairt, lena n-áirítear maidir le cistí an Aontais a bhainistiú agus a chur chun feidhme. Áirítear lena chuspóirí timpeallacht chumasúcháin a chur chun cinn chun an tsochaí shibhialta a fhorbairt agus líonrú agus gníomhaíochtaí comhpháirteacha a spreagadh le heagraíochtaí sochaí sibhialta de phobal Gréagach na Cipire agus le heagraíochtaí sochaí sibhialta eile san Aontas (ESSanna). Le tacaíocht ón Aontas, d’éirigh le ESSanna áitiúla tionscadail a chur i gcrích lena dtugtar aghaidh, mar shampla, ar chearta mionlach gnéis, agus fostaíocht daoine faoi mhíchumas agus iarphríosúnaigh a chur chun cinn. Chomh maith leis sin, d’éascaigh an Coimisiún comhar i measc ESSanna de phobal Gréagach na Cipire agus de phobal Turcach na Cipire sna réimsí maidir le sáruithe ar chearta an duine, le gáinneáil ar dhaoine a chomhrac, leis an gcultúr, leis an óige agus le rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí sóisialta.

Faoin naoú scéim deontais de chuid Shochaí Sibhialta na Cipire i nGníomhaíocht, bronnadh 16 dheontas dar luach EUR 2,22 milliún san iomlán. Cumhdaíonn na tionscadail roghnaithe réimsí tábhachtacha, lena n-áirítear: (i) cosaint an chomhshaoil agus forbairt inbhuanaithe; (ii) athmhuintearas; (iii) forbairt muiníne; agus (iv) rannpháirtíocht na sochaí sibhialta sa phróiseas síochána a chur chun cinn. Cuireann tionscadail ríthábhachtacha eile obair chun cinn maidir le cumhachtú na mban agus tacaíocht d’íospartaigh an fhoréigin inscnebhunaithe, abhcóideacht na hóige, cearta sláinte, cearta ainmhithe agus timpeallacht chumasúcháin a chruthú le haghaidh ESSanna.

In 2025, lean Fóram Idirphlé na Cipire – ina dtugtar le chéile páirtithe polaitiúla, ceardchumainn, comhlachais ghnó, ghairmiúla agus fostóirí agus ESSanna ón dá phobal – dá chuid oibre le cistiú ón Aontas. D’eagraigh an Fóram roinnt cruinnithe dá thascghrúpa polaitiúil, atá comhdhéanta de pholaiteoirí ó fhormhór na bpáirtithe sa dá phobal. I measc na gcruinnithe sin, bhí plé ag an ngrúpa le Johannes Hahn, Toscaire Speisialta an Aontais le haghaidh na Cipire. Sheol tascghrúpa an Fhóraim um shaothar a Threoir maidir leis an Margadh Saothair, acmhainn rochtana oscailte thrítheangach

lena gcomhdhlúthaítear príomhstaidreamh fostaíochta agus eacnamaíoch ón dá phobal ar an oileán. Ina theannta sin, lean an tArdán um Chearta an Duine arna chistiú ag an Aontas de ghníomhaíochtaí a dhéanamh atá dírithe ar chomhionannas inscne, ar gháinneáil ar dhaoine a chomhrac, ar chearta dídeanaithe, ar cearta LADTI+, agus ar shaoirse comhlachais, saoirse chun tuairimí a nochtadh agus saoirse an phreasa.

*4.2.4.* *Cuspóir 4:* Pobal Turcach na Cipire *a thabhairt níos gaire don Aontas*

Ó bhí 2022 ann, tá an Coimisiún i gcomhpháirtíocht le Goethe-Institut chun Clár Scoláireachta an Aontais a chur chun feidhme le haghaidh Phobal Turcach na Cipire. Bronnadh 142 dheontas scoláireachta san iomlán ar mhic léinn de phobal Turcach na Cipire le linn na bliana acadúla 2024/2025 chun staidéar a dhéanamh i mBallstát den Aontas Eorpach. Thairis sin, forbraíodh straitéis céimithe chun a chur ar a gcumas do chéimithe líonrú a dhéanamh, a bheith rannpháirteach agus leas a bhaint as a gcuid scileanna agus deiseanna, chomh maith leis an líon daoine a fhilleann ar phobal Turcach na Cipire mar ghairmithe a mhéadú.

Ó bhí 2007 ann, bronnadh 2 418 scoláireacht ar mhic léinn, lena gcumhdaítear níos mó ná 100 ollscoil agus 23 thír de chuid an Aontais. Tacaíonn na scoláireachtaí sin leis an méid seo a leanas: (i) mic léinn le linn na chéad bhliana dá staidéar fochéime; (ii) mic léinn iarchéime ina gcláir mháistreachta nó dhochtúireachta; agus (iii) taighdeoirí agus gairmithe chun a scileanna teanga agus gairmiúla a fhorbairt a thuilleadh ar fud Bhallstáit an Aontais.

Is í Oifig Tacaíochta Chlár an Aontais a bhainistíonn Pointe Faisnéise an Aontais. In 2025, trína chuid gníomhaíochtaí ar líne agus as líne, d'éirigh leis ardleibhéal infheictheachta a bhaint amach agus feasacht ar thionchar an chláir cabhrach agus ar ról an Aontais sa phróiseas síochána a mhéadú. D'eagraigh Pointe Faisnéise an Aontais agus tionscadail eile arna gcistiú ag an Aontas breis agus 350 gníomhaíocht cumarsáide agus infheictheachta in 2025, lena n-áirítear ceiliúradh déphobail Lá na hEorpa a mheall thart ar 5 000 rannpháirtí. Le linn na tréimhse sin, táirgeadh thart ar 30 bileog fíricí, leabhrán agus ábhair chlosamhairc. Ag cur leis an rannpháirtíocht láidir sin, tá spéis shoiléir mhéadaitheach ag an bpobal in imeachtaí faisnéise a bhaineann leis an Aontas agus i ngníomhaíochtaí for-rochtana sa tréimhse atá le teacht. Léiríonn an spéis sin an t-éileamh leanúnach atá ag pobal Turcach na Cipire ar fhaisnéis inrochtana, iontaofa agus thráthúil faoin Aontas agus faoin tacaíocht a thugann sé.

*4.2.5.* *Cuspóirí 5-6: Pobal Turcach na Cipire a ullmhú chun an acquis a thabhairt isteach agus a chur chun feidhme*

Úsáidtear an Ionstraim um Chúnamh Teicniúil agus um Malartú Faisnéise chun cuspóirí 5 agus 6 den Rialachán um Chabhair a chur chun feidhme. Cuidíonn sé le pobal Turcach na Cipire a ullmhú chun an *acquis* a chur chun feidhme nuair a chuirfear deireadh le fionraí a chur i bhfeidhm nuair a thiocfaidh réiteach cuimsitheach don Chipir i bhfeidhm.

Is uirlis thábhachtach fós í an Ionstraim um Chúnamh Teicniúil chun cuspóirí an chláir cabhrach a bhaint amach agus chun tacú le trádáil trasna na Líne Glaise. Rinneadh gníomhaíochtaí na hIonstraime um Chúnamh Teicniúil in 13 earnáil de *acquis* an Aontais chun pobal Turcach na Cipire a thabhairt níos gaire do chaighdeáin agus nósanna imeachta an Aontais. San iomlán, eagraíodh 81 mhisean saineolaithe agus ceardlann amháin. Ina theannta sin, leanadh de na hiarrachtaí chun feabhas a a chur ar bhunachar sonraí de na téacsanna dlí uile a dréachtaíodh le tacaíocht na hIonstraime

um Chúnamh Teicniúil agus aistriúcháin agus ateangaireachta ardcháilíochta i bpobal Turcach na Cipire a áirithiú.

Bhí tacaíocht don trádáil trasna na Líne Glaise (faoi Rialachán (CE) Uimh. 866/2004 ón gComhairle) fós ar an réimse is gníomhaí agus is déine ó thaobh acmhainní de i ngníomhaíochtaí na hIonstraime um Chúnamh Teicniúil. Rinne saineolaithe neamhspleácha atá sainordaithe ag an gCoimisiún cigireachtaí fíteashláintíochta tráthrialta ar thorthaí agus glasraí úra, ar tháirgí plandaí, ar phrátaí, ar mhil agus ar shoithí iascaireachta chun a áirithiú gur comhlíonadh caighdeáin an Aontais maidir le táirgí bia trádáilte. I mí Aibreáin 2024, d'eisigh Aireacht Sláinte Phoblacht na Cipire ciorclán lenar ceadaíodh trádáil trasna na Líne Glaise i sé chatagóir eile bia próiseáilte, is iad sin caife, líomanáid, glasraí reoite, prátaí reoite, bianna picilte i bhfínéagar agus duilleoga triomaithe siúite. Fágann sé sin go bhfuil 14 tháirge bia próiseáilte nach de bhunadh ainmhíoch iad a cheadaítear. D'áirithigh saineolaithe na hIonstraime um Chúnamh Teicniúil gur comhlíonadh caighdeáin agus cáilíocht ar leibhéal an Aontais trí sheiceálacha comhlíontachta a dhéanamh ar na saoráidí bia próiseáilte sna limistéir nach bhfuil faoi rialú an rialtais.

## 4.3. Forghníomhú airgeadais (conarthaí agus íocaíochtaí)

### *4.3.1. Conraitheoireacht*

In 2025, shínigh an Coimisiún gealltanais dhlíthiúla dar luach EUR 29,2 milliún.

### *4.3.2. Íocaíochtaí*

Ba é EUR 38,5 milliún méid iomlán na n-íocaíochtaí in 2025 (EUR 40,4 milliún in 2024).

## 4.4. Faireachán

Tá an Coimisiún freagrach go díreach as formhór na dtionscadal (bainistíocht dhíreach) a chur chun feidhme. Tá leibhéal an ard faireacháin á dhéanamh ag foireann an Choimisiúin, agus teagmhálacha tráthrialta aici le conraitheoirí, cuairteanna spotseiceála á ndéanamh aici, cruinnithe láithreáin agus cruinnithe coistí stiúrtha á reáchtáil aici, chomh maith le comhar le comhordaitheoirí áitiúla maidir le cistiú ón Aontas. An cúnamh teicniúil arna chur ar fáil ag an bhfoireann tacaíochta deontais, lean sé de bheith ag tacú leis an gCoimisiún chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme conarthaí deontais, agus an tráth céanna ag cabhrú le tairbhithe deontais rialacha an Aontais a chur i bhfeidhm maidir le conarthaí deontais a chur chun feidhme, lena n-áirítear rialacha soláthair thánaistigh.

Cuireann an Coimisiún roinnt conarthaí chun feidhme freisin trí bhainistíocht indíreach. Na comhlachtaí cur chun feidhme, amhail UNDP, an Banc Domhanda, Goethe-Institut agus GIZ, tuairiscíonn siad don Choimisiún i gcomhréir leis na comhaontuithe ranníocaíochta agus riaracháin faoi seach. Tá dlúthbhaint ag an gCoimisiún leis an bhfaireachán laethúil a dhéantar ar na gníomhaíochtaí sin.

## 4.5. Iniúchtaí agus rialuithe

Ní raibh aon toradh ar iniúchtaí a rinne Cúirt Iniúchóirí na hEorpa in 2025 ar thionscadail a cistíodh faoin gclár cabhrach. Ní dhearna Seirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach an Choimisiúin iniúchadh ar aon tionscadal faoin gclár cabhrach in 2025.

## 4.6. Meastóireacht

Foilsíodh meastóireacht neamhspleách ar an gclár cabhrach lenar cumhdaíodh an tréimhse 2013-2018 in 2022. Bhí torthaí na meastóireachta sin sásúil. Thángthas ar an gconclúid sa mheastóireacht go bhfuil an clár ábhartha go fóill agus gur dearfach an tionchar a bhíonn aige. Dearbhaíodh léi gur chuir an tAontas Eorpach lena luach agus gur éirigh leis an gclár féidearthacht an athaontaithe a choinneáil beo. Chuir sí chun suntais freisin comhsheasmhacht ghinearálta agus éifeachtúlacht an chláir. An tráth céanna, cuireadh i dtábhacht leis an meastóireacht nach féidir leis an gclár cabhrach amháin athaontú na Cipire a bhaint amach, rud a bhfuil an dá phobal Chipireacha freagrach as fós.

Seoladh meastóireacht ar an gclár cabhrach lenar cumhdaíodh an tréimhse 2019-2024 in mí Eanáir 2026. Meastar go bhfoilseofar toradh na meastóireachta in 2027.

## 4.7. Faisnéis, poiblíocht agus infheictheacht

Ar an iomlán, eagraíodh breis agus 350 gníomhaíocht infheictheachta agus chumarsáide in 2025 chun léiriú a thabhairt ar rannchuidiú an Aontais le forbairt phobal Turcach na Cipire agus le próiseas síochána na Cipire.

## 4.8. Comhairliúcháin le Rialtas Phoblacht na Cipire

Tionóladh cruinnithe tráthrialta le hionadaithe Rialtas Phoblacht na Cipire. Leanann an Coimisiún de bheith ag brath ar chomhar an Rialtais chun cearta maoine a fhíorú agus chun obair na gCoistí Teicniúla déphobail a éascú. Ina theannta sin, buaileann an Coimisiún go tráthrialta leis an Aireacht Gnóthaí Eachtracha agus le Buanionadaíocht Phoblacht na Cipire chuig an Aontas Eorpach.

# 5. CONCLÚIDÍ

I gcomhréir le cuspóirí an Rialacháin um Chabhair, tá an Coimisiún fós ag cur cúnamh ar fáil chun athaontú na Cipire a éascú trí fhorbairt shóisialta agus eacnamaíoch phobal Turcach na Cipire a spreagadh agus trína thabhairt níos gaire don Aontas Eorpach.

Le linn 2025, leanadh de chúnamh a dhíriú ar réimsí dúshláin maidir le comhlíonadh an *acquis* amach anseo, agus é á áirithiú an tráth céanna go rachfar i ngleic leis na riachtanais atá ag teacht chun cinn ar bhealach éifeachtúil tráthúil.

Tá torthaí dearfacha ar an mbéim a leagtar ar ábharthacht, aibíocht, úinéireacht agus inbhuanaitheacht tionscadal agus leanfaidh an bhéim sin de bheith ina treoir don phlé a dhéanfar amach anseo maidir leis an gclárú. Leanfar de na hiarrachtaí chun tionchar fadtéarmach níos mó a bhaint amach i réimsí tosaíochta trí ghníomhaíocht straitéiseach. Tá an Coimisiún réidh chun acmhainní a úsáid de réir mar is gá, lena n-áirítear faoin gclár cabhrach, chun tacú leis an gcaibidlíocht réitigh faoi choimirce na Náisiún Aontaithe agus le tuilleadh forbairtí a bhaineann leis an bpróiseas.